kinia Ní thagann saol gan foghlaim
Learning is Life

# Digital Marketing & Creative Content Officer

**Reporting to:** Head of Marketing & Communications
**Location:** Hybrid / Remote across Ireland, with access to Kinia's Dublin or Galway hub
**Contract:** Full-time contract

## Role Overview:

Kinia is looking for a creative, digitally savvy and values-driven Digital Marketing & Creative Content Officer to help grow our digital presence and tell the story of Kinia's impact across Ireland. Reporting directly to the Head of Marketing & Communications, you will play a hands-on role across social media, digital content, email marketing, campaigns and storytelling. You will create engaging, accessible and relevant content that connects with young people, educators, youth workers, partners, funders and wider audiences, helping to bring Kinia's mission and impact to life. This is an opportunity for a creative self-starter who enjoys experimenting with digital content, understands what makes people stop, watch, read and engage, and wants to use those skills to create positive social impact.

## Language:

We are particularly interested in candidates who can help us strengthen our bilingual communications and digital presence. Professional fluency in Irish is highly desirable, particularly the ability to create, present and engage confidently in both Irish and English. We are also open to candidates with strong digital communications skills who have conversational Irish and are committed to developing their Irish-language capability.

## Key Goals:

- Increase the visibility, reach and engagement of Kinia's work across digital channels.
- Tell compelling stories that demonstrate the impact Kinia has on young people and their communities.
- Support effective communications with funders, partners, educators and other stakeholders through impactful storytelling and content creation.
- Use audience insight, analytics and experimentation to continuously improve our digital communications.

## Key Responsibilities:

### Social Media & Digital Engagement:

- Plan, create, schedule and publish engaging content across Kinia's social channels, including LinkedIn, Instagram, TikTok and YouTube.
- Maintain a forward-looking content calendar aligned with campaigns, events, partnerships, social enterprise activity and key dates.
- Monitor community engagement and respond appropriately to comments, messages and opportunities for engagement.

- Develop ideas for content that increases reach, engagement and awareness of Kinia's work.
- Monitor social media trends and emerging formats and identify opportunities for Kinia to participate in relevant conversations.
- Analyse social media performance and provide regular insights and reports with actionable recommendations.

**Content Creation & Storytelling:**

- Gather and translate programme data, participant feedback, and success stories into engaging digital communications.
- Develop and produce impact stories that showcase the real world difference Kinia makes for young people and their communities
- Research, write and edit compelling blog posts and articles for kinia.ie
- Attend schools and youth services to capture content
- Attend key events throughout the year to capture content, and ensure brand presence online during the events themselves
- Work with our designer to create and repurpose content across formats including video scripts, reels, infographics, newsletters, as needed
- Help ensure Kinia's impact and achievements are consistently visible across all communications channels.
- Ensure all content is on brand, accessible, and optimised for search and reach

**Email Marketing:**

- Design, write, and send monthly ezines to targeted Kinia audiences
- Manage email marketing lists, tagging, and segmentation
- Track open rates, click-through rates, and conversions, and continuously report on and improve performance

**Podcast & Audio/Video Content:**

- Support the development and promotion of the bilingual Kinia Podcast.
- Research and prepare podcast episodes and support guest outreach, scheduling and briefing.
- Host podcast episodes where appropriate, bringing warmth, curiosity and authenticity to conversations.
- Work with external production partners on recording, editing, publishing and post-production.
- Develop supporting content including show notes, transcripts, clips and social promotion.

***Podcast production experience is desirable but not essential; training and support will be provided where required.***

**Essential Skills & Experience:**

We are looking for someone who combines strong digital and creative skills with excellent communication and relationship-building abilities.

kinia Ní thagann saol gan foghlaim Learning is Life

**Essential:**

- **3+ years' relevant experience** in digital marketing, communications, content creation or a related role.
- Proven experience creating engaging digital content and managing social media channels.
- Excellent writing, editing and storytelling skills.
- Strong understanding of digital audiences and what drives engagement across social platforms.
- Experience creating content across multiple formats, including written, visual and short-form video content.
- Experience with email marketing platforms such as Mailchimp or equivalent.
- Strong organisational skills and the ability to manage multiple projects and deadlines.
- Excellent interpersonal and communication skills.
- Confidence working independently while also collaborating effectively with colleagues and external partners.
- Genuine interest in Kinia's mission and in creating positive social impact.
- Full drivers licence

**Irish Language:**

***Professional fluency in Irish is highly desirable.***

For candidates with professional Irish-language capability, this may include the ability to:

- communicate confidently with colleagues, partners and audiences in Irish;
- create or adapt digital content in Irish;
- conduct interviews and conversations through Irish;
- present or host content in Irish;
- contribute to the development of Kinia's bilingual communications.

We also welcome candidates who do not currently have professional fluency but have conversational Irish and a strong commitment to developing the language and working in a bilingual environment.

***Candidates will not be expected to have specialist knowledge in every area listed above. We are particularly interested in people with strong core digital and creative skills who are curious, adaptable and willing to learn.***

## Desirable:

- Professional fluency in Irish.
- Experience working in a non-profit, social enterprise, education, youth or community environment.
- Experience hosting or supporting podcasts.
- Experience creating short-form video content.
- Experience with Canva, Adobe Creative Suite or similar.
- Photography, filming or audio-production skills.

**Key Competencies:**

- **Creative:** Generates fresh ideas and understands how to turn them into engaging content.
- **Audience focused:** Understands different audiences and adapts tone, format and messaging accordingly.
- **Curious:** Keeps up with digital trends and enjoys testing new approaches.
- **Impact driven:** Understands the importance of communicating Kinia's mission and impact authentically.
- **Collaborative:** Builds positive relationships and works effectively with colleagues, partners and stakeholders.
- **Organised:** Can manage multiple priorities and deadlines without losing attention to detail.
- **Adaptable:** Comfortable working in a dynamic and evolving organisation.
- **Numbers driven:** Uses insight and analytics to understand what is working and improve performance.
- **Value driven:** Demonstrates commitment to inclusion, collaboration, respect and Kinia's mission.
- **Positive:** Brings energy, warmth, creativity and a growth mindset to their work.

**What Kinia Offers:**

***Pension Scheme***
After successful completion of probation, all Kinia staff members are eligible to join our PRSA pension scheme, administered through New Ireland. Staff must contribute a minimum of 5% of their gross monthly salary, with Kinia matching this up to the value of 5%.

***Hybrid Friendly Workplace***
Kinia operates a hybrid-friendly workplace. Many of our staff are based around the country. Kinia supports all staff to access remote working hubs, our Dublin office, or our Galway office. Expectations of Travel will be required.

Kinia provides financial assistance to all staff to ensure they have the furniture and IT equipment needed when working from home.

***Annual Leave and TOIL for full time staff***
23 days annual leave, plus an additional 2 days for Company Days
Kinia operates a Time Off in Lieu (TOIL) for four hours+ worked in one day. This can be added to your annual leave allocation.

***Expense Allowance***
Kinia provides travelling expenses, accommodation allowance, and subsistence allowances for any travel that is required as part of the role. Additionally, Kinia provides all staff with a monthly phone allowance, as well as a once-off allowance to purchase a work phone.

***EAP (Employee Assistance Programme)***
Kinia has an EAP in place and can work closely with any employees who need to avail of this.

***Opportunities for advancement, learning and development.***
Kinia aims to support all staff in their learning, development and career advancement. Line managers work with their direct reports to develop an annual learning and development plan to support staff growth.

**Salary:**

The salary will reflect the successful candidate's relevant experience, skills and level of professional Irish-language capability.

**Selection Process:**

The selection process may include:

- Application screening
- Shortlisting based on the information provided
- Competitive preliminary interview
- Competitive final interview
- Practical exercise or content task where appropriate

We endeavour to respond to all applicants within four weeks.

If you have a disability or require reasonable accommodations during the selection process, we strongly encourage you to let us know so that we can ensure appropriate support is provided.

# How to Apply

Apply here

**Closing date:** 28th September 2026

Kinia — Ní thagann saol gan foghlaim — Learning is Life

## Oifigeach Margaíochta Digití & Ábhair Chruthaithigh

- **Ag tuairisciú do:** Ceannaire Margaíochta & Cumarsáide
- **Suíomh:** Hibrid / Cianobair ar fud na hÉireann, le rochtain ar mhol Kinia i mBaile Átha Cliath nó i nGaillimh
- **Conradh:** Conradh lánaimseartha

## Forbhreathnú ar an Ról:

Tá Kinia ag lorg Oifigeach Margaíochta Digití & Ábhar Cruthaitheach atá cruthaitheach, oilte sa réimse digiteach agus tiomanta dár luachanna, chun cabhrú lenár láithreacht dhigiteach a mhéadú agus scéal thionchar Kinia ar fud na hÉireann a insint. Ag tuairisciú go díreach don Cheannaire Margaíochta & Cumarsáide, beidh ról gníomhach agat i réimsí na meán sóisialta, an ábhair dhigitigh, na margaíochta ríomhphoist, na bhfeachtas agus na scéalaíochta. Cruthóidh tú ábhar tarraingteach, inrochtana agus ábhartha a nascfaidh le daoine óga, le hoideoirí, le hoibrithe óige, le comhpháirtithe, le maoinitheoirí agus le lucht féachana níos leithne, agus cabhróidh tú le misean agus tionchar Kinia a thabhairt chun beatha.

Is deis í seo do dhuine atá cruthaitheach agus tionscantach, ar maith leis triail a bhaint as cineálacha éagsúla ábhair dhigitigh, a thuigeann cad a chuireann ar dhaoine stopadh, féachaint, léamh agus idirghníomhú, agus ar mian leis/léi na scileanna sin a úsáid chun tionchar sóisialta dearfach a chruthú.

## Teanga

Tá suim ar leith againn in iarrthóirí a bheidh in ann cabhrú linn ár gcumarsáid dhátheangach agus ár láithreacht dhigiteach a neartú. Tá líofacht ghairmiúil sa Ghaeilge thar a bheith inmhianaithe, go háirithe an cumas ábhar a chruthú, a chur i láthair agus dul i mbun idirghníomhaíochta go muiníneach i nGaeilge agus i mBéarla araon. Chomh maith leis sin, cuirimid fáilte roimh iarrthóirí a bhfuil láidreachtaí acu i gcumarsáid dhigiteach, a bhfuil Gaeilge labhartha acu agus atá tiomanta dá gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt.

## Príomhspriocanna

- Infheictheacht, raon agus rannpháirtíocht obair Kinia a mhéadú ar fud na gcainéal digiteach.
- Scéalta láidre a insint a léiríonn an tionchar a bhíonn ag Kinia ar dhaoine óga agus ar a bpobail.
- Tacú le cumarsáid éifeachtach le maoinitheoirí, comhpháirtithe, oideoirí agus páirtithe leasmhara eile trí scéalaíocht agus cruthú ábhair a bhfuil tionchar acu.
- Léargas ar an lucht féachana, anailísíocht agus triail a úsáid chun ár gcuid cumarsáide digití a fheabhsú go leanúnach.

## Príomhfhreagrachtaí

### Meáin Shóisialta & Rannpháirtíocht Dhigiteach

- Ábhar tarraingteach a phleanáil, a chruthú, a sceidealú agus a fhoilsiú ar chainéil shóisialta Kinia, lena n-áirítear LinkedIn, Instagram, TikTok agus YouTube.
- Féilire ábhair réamhbhreathnaitheach a chothabháil, ailínithe le feachtais, imeachtaí,

comhpháirtíochtaí, gníomhaíochtaí fiontraíochta sóisialta agus príomhdhátaí.
- Monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht an phobail agus freagairt go cuí do thráchtanna, do theachtaireachtaí agus do dheiseanna rannpháirtíochta.
- Smaointe ábhair a fhorbairt a mhéadaíonn raon, rannpháirtíocht agus feasacht ar obair Kinia.
- Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí sna meáin shóisialta agus ar fhormáidí atá ag teacht chun cinn, agus deiseanna a aithint do Kinia páirt a ghlacadh i gcomhráite ábhartha.
- Anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht na meán sóisialta agus léargais agus tuarascálacha rialta a chur ar fáil, mar aon le moltaí praiticiúla chun feabhas a chur ar fheidhmíocht.

**Cruthú Ábhair & Scéalaíocht**

- Sonraí cláir, aiseolas ó rannpháirtithe agus scéalta ratha a bhailiú agus a athrú ina gcumarsáid dhigiteach tharraingteach.
- Scéalta tionchair a fhorbairt agus a léiriú a thaispeánann an difríocht fhíorshaoil a dhéanann Kinia i saol daoine óga agus ina bpobail.
- Taighde a dhéanamh ar bhlagphoist agus ar ailt tharraingteacha do **kinia.ie**, iad a scríobh agus a chur in eagar.
- Freastal ar scoileanna agus ar sheirbhísí óige chun ábhar a ghabháil.
- Freastal ar phríomhimeachtaí i rith na bliana chun ábhar a ghabháil, agus láithreacht an bhranda ar líne a chinntiú le linn na n-imeachtaí féin.
- Oibriú lenár ndearthóir chun ábhar a chruthú agus a athúsáid i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear scripteanna físe, ríleanna, grafaicí eolais agus nuachtlitreacha, de réir mar is gá.
- Cabhrú lena chinntiú go mbíonn tionchar agus éachtaí Kinia le feiceáil go comhsheasmhach ar fud na gcainéal cumarsáide ar fad.
- A chinntiú go bhfuil an t-ábhar ar fad ag teacht le branda Kinia, go bhfuil sé inrochtana agus go bhfuil sé curtha in oiriúint chun a infheictheacht agus a raon ar líne a uasmhéadú.

**Margaíocht Ríomhphoist**

- Ríomhirisí míosúla a dhearadh, a scríobh agus a sheoladh chuig lucht féachana spriocdhírithe Kinia.
- Liostaí margaíochta ríomhphoist, clibeáil agus deighilt a bhainistiú.
- Rátaí oscailte, rátaí cliceála agus tiontuithe a rianú, agus feidhmíocht a thuairisciú agus a fheabhsú go leanúnach.

**Sraith Phodchraolta & Ábhar Fuaime/Físe**

- Tacú le forbairt agus cur chun cinn Phodchraoladh dhátheangach Kinia.
- Taighde a dhéanamh ar eipeasóidí podchraolta agus iad a ullmhú, agus tacú le teagmháil a dhéanamh le haíonna, le sceidealú agus le faisnéisiú.
- Eipeasóidí podchraolta a óstáil nuair is cuí, agus croíúlacht, fiosracht agus

barántúlacht a thabhairt chuig na comhráite.
- Oibriú le comhpháirtithe léiriúcháin seachtracha maidir le taifeadadh, eagarthóireacht, foilsiú agus iarléiriú.
- Ábhar tacaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear nótaí eipeasóide, tras-scríbhinní, gearrthóga agus ábhar bolscaireachta do na meáin shóisialta.

***Tá taithí ar léiriú podchraolta inmhianaithe ach ní riachtanach; cuirfear oiliúint agus tacaíocht ar fáil de réir mar is gá.***

**Scileanna & Taithí Riachtanach**

Táimid ag lorg duine a chomhcheanglaíonn scileanna láidre digiteacha agus cruthaitheacha le sárscileanna cumarsáide agus tógála caidrimh.

**Riachtanach:**

- **3+ bliana de thaithí ábhartha** i margaíocht dhigiteach, cumarsáid, cruthú ábhair nó i ról gaolmhar.
- Taithí chruthaithe ar ábhar digiteach tarraingteach a chruthú agus ar chainéil meán sóisialta a bhainistiú.
- Sárscileanna scríbhneoireachta, eagarthóireachta agus scéalaíochta.
- Tuiscint láidir ar lucht féachana digiteach agus ar na rudaí a spreagann rannpháirtíocht ar ardáin na meán sóisialta.
- Taithí ar ábhar a chruthú i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear ábhar scríofa, ábhar amhairc agus físeáun ghearrfhoirme.
- Taithí ar ardáin mhargaíochta ríomhphoist amhail Mailchimp nó ardáin choibhéiseacha.
- Scileanna láidre eagrúcháin agus an cumas tionscadail agus spriocdhátaí éagsúla a bhainistiú.
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide.
- Muinín as oibriú go neamhspleách, agus ag an am céanna comhoibriú go héifeachtach le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe seachtracha.
- Fíorspéis i misean Kinia agus i dtionchar sóisialta dearfach a chruthú.
- Ceadúnas tiomána iomlán.

**Gaeilge:**

***Tá líofacht ghairmiúil sa Ghaeilge thar a bheith inmhianaithe.***

I gcás iarrthóirí a bhfuil ardchumas gairmiúil acu sa Ghaeilge, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist:

- cumarsáid mhuiníneach a dhéanamh le comhghleacaithe, comhpháirtithe agus lucht féachana i nGaeilge;
- ábhar digiteach a chruthú nó a chur in oiriúint i nGaeilge;
- agallaimh agus comhráite a dhéanamh trí Ghaeilge;
- ábhar a chur i láthair nó a óstáil i nGaeilge;
- cur le forbairt chumarsáid dhátheangach Kinia.

Cuirimid fáilte freisin roimh iarrthóirí nach bhfuil líofacht ghairmiúil acu faoi láthair, ach a bhfuil Gaeilge chomhráiteach acu agus atá tiomanta go láidir dá gcuid sa Ghaeilge a fhorbairt agus d'oibriú i dtimpeallacht dhátheangach.

***Ní bheifear ag súil go mbeidh saineolas ag iarrthóirí i ngach ceann de na réimsí atá liostaithe thuas. Tá suim ar leith againn i ndaoine a bhfuil scileanna láidre digiteacha agus cruthaitheacha acu, atá fiosrach, inoiriúnaithe agus toilteanach foghlaim.***

**Inmhianaithe:**

- Líofacht ghairmiúil sa Ghaeilge.
- Taithí ag obair i dtimpeallacht neamhbhrabúis, fiontraíochta sóisialta, oideachais, óige nó pobail.
- Taithí ar phodchraoltaí a óstáil nó tacú lena léiriú.
- Taithí ar fhíseáin ghearrfhoirme a chruthú.
- Taithí ar Canva, Adobe Creative Suite nó bogearraí comhchosúla a úsáid.
- Scileanna sa ghrianghrafadóireacht, sa scannánú nó sa léiriú fuaime.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Cruthaitheach:** Smaointe nua a ghiniúint agus iad a iompú ina n-ábhar tarraingteach.
- **Dírithe ar an lucht féachana:** Tuiscint a bheith agat ar riachtanais luchtanna éagsúla agus an ton, an fhormáid agus an teachtaireacht a chur in oiriúint dá réir.
- **Fiosrach:** A bheith cothrom le dáta maidir le treochtaí digiteacha agus fonn a bheith ort cur chuige nua a thriail.
- **Dírithe ar an tionchar:** Tuiscint a bheith agat ar an tábhacht a bhaineann le misean agus tionchar Kinia a chur in iúl ar bhealach barántúil.
- **Comhoibríoch:** Caidrimh dhearfacha a chothú agus oibriú go héifeachtach le comhghleacaithe, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara.
- **Eagraithe:** Tosaíochtaí agus spriocdhátaí éagsúla a bhainistiú go héifeachtach, agus aird á tabhairt ar mhionsonraí.
- **Inoiriúnaithe:** A bheith ar do chompord agus tú ag obair in eagraíocht dhinimiciúil atá ag athrú agus ag forbairt.
- **Dírithe ar shonraí:** Léargais agus anailísíocht a úsáid chun tuiscint a fháil ar a bhfuil ag obair agus chun feidhmíocht a fheabhsú.
- **Dírithe ar luachanna:** Tiomantas a léiriú don chuimsiú, don chomhoibriú, don mheas agus do mhisean Kinia.
- **Dearfach:** Fuinneamh, croíúlacht, cruthaitheacht agus meon fáis a thaispeáint i do chuid oibre.

**Tairgeann Kinia:**

***Scéim Pinsin***

Tar éis do tréimhse promhaidh a chríochnú go rathúil, beidh gach ball foirne de chuid Kinia incháilithe chun dul isteach inár scéim pinsin PRSA, atá á riar ag New Ireland. Ní mór do

bhaill foirne íosmhéid 5% dá dtuarastal míosúil comhlán a íoc isteach sa scéim, agus meaitseálfaidh Kinia an ranníocaíocht sin suas le 5%.

***Ionad Oibre a Thacaíonn le hObair Hibrid***

Feidhmíonn Kinia mar eagraíocht a thacaíonn le hobair hibrid. Tá go leor dár mbaill foirne lonnaithe ar fud na tíre. Tacaíonn Kinia le gach ball foirne úsáid a bhaint as moil cianoibre, as ár n-oifig i mBaile Átha Cliath nó as ár n-oifig i nGaillimh. Beidh taisteal ag teastáil mar chuid den ról.

Cuireann Kinia cúnamh airgeadais ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go bhfuil an troscán agus an trealamh TF riachtanach acu agus iad ag obair ón mbaile.

***Saoire Bhliantúil agus TOIL d'fhoireann lánaimseartha***

23 lá de shaoire bhliantúil, chomh maith le 2 lá breise do Laethanta Cuideachta.

Feidhmíonn Kinia córas Am Saor in Ionad (TOIL) i gcás ceithre huaire an chloig nó níos mó a bheith caite ag obair in aon lá amháin. Is féidir an t-am sin a chur le teidlíocht saoire bhliantúil.

***Liúntas Costas***

Íocann Kinia costais taistil, liúntas lóistín agus liúntais chothaithe as aon taisteal a bhíonn riachtanach mar chuid den ról. Ina theannta sin, cuireann Kinia liúntas míosúil gutháin ar fáil do gach ball foirne, chomh maith le liúntas aonuaire chun guthán oibre a cheannach.

***EAP (Clár Cúnaimh d'Fhostaithe)***

Tá Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) i bhfeidhm ag Kinia, agus is féidir linn oibriú go dlúth le haon bhall foirne ar mian leis/léi leas a bhaint as an tseirbhís seo.

***Deiseanna dul chun cinn, foghlama agus forbartha.***

Tá sé mar aidhm ag Kinia tacú le gach ball foirne san fhoghlaim, san fhorbairt agus i ndul chun cinn gairme. Oibríonn bainisteoirí líne lena bhfoireann chun plean bliantúil foghlama agus forbartha a fhorbairt a thacaíonn le forbairt ghairmiúil na foirne.

**Tuarastal:**

Léireoidh an tuarastal taithí ábhartha, scileanna agus leibhéal inniúlachta gairmiúla sa Ghaeilge an iarrthóra a n-éireoidh leis/léi.

**Próiseas Roghnúcháin:**

D'fhéadfadh na céimeanna seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- Scagadh iarratas
- Gearrliostú bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil
- Agallamh iomaíoch tosaigh
- Agallamh iomaíoch deiridh

- Cleachtadh praiticiúil nó tasc ábhair, nuair is cuí

Déanfaimid ár ndícheall freagra a thabhairt do gach iarrthóir laistigh de cheithre seachtaine.

Má tá míchumas ort nó má theastaíonn socruithe réasúnta uait le linn an phróisis roghnúcháin, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn ionas gur féidir linn an tacaíocht chuí a chur ar fáil.

**Conas Iarratas a Dhéanamh**

Déan Iarratas Anseo (https://zfrmz.eu/U4B3gQ6YPhnzrSIBFkNv )

**Spriocdháta:** 28 Meán Fómhair 2026